AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.9.2025
COM(2025) 492 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 5 (1) agus 50 de Threoir (AE) 2016/797

1. RÉAMHRÁ

Tugtar cumhachtaí don Choimisiún, le hAirteagal 5(1) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 50 go ceann tréimhse 5 bliana, dar tús an 15 Meitheamh 2016, tréimhse a fhadófar go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid.

Baineann an tuarascáil seo le cumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus liostaítear inti na gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún ina fheidhmiú don tréimhse ón 13 Eanáir 2022, dáta na tuarascála roimhe sin ([2]), go dtí an 16 Meán Fómhair 2025.

2. AN BUNÚS DLÍ LE HAGHAIDH NA TUARASCÁLA

Faoi Airteagal 50(2) de Threoir (AE) 2016/797, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta *tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana*.

3. FEIDHMIÚ NA CUMHACHTA GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLACADH

Le hAirteagal 5(1) de Threoir (AE) 2016/797, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) raon feidhme geografach agus teicniúil na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STInna);

(b) na bunriachtanais is infheidhme;

(c) liosta na ndálaí rialála, teicniúla agus oibríochta atá le comhchuibhiú ar leibhéal na bhfochóras agus ar leibhéal na gcomhéadan idir na fochórais agus an leibhéal comhchuibhithe a bhfuiltear ag súil leis;

(d) na nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le hiarnród chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta agus ar a n-oiriúnacht úsáide;

(e) na nósanna imeachta dírithe ar iarnród chun fíorú ‘CE’ na bhfochóras a mheas;

(f) na catagóirí foirne a bhfuil baint acu le hoibriú agus cothabháil na bhfochóras lena mbaineann agus na cuspóirí ginearálta chun na

([1]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach, IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 5 (1) agus 50 de Threoir 2016/797/AE (COM/2022/7 final).

híoscheanglais maidir le cáilíochtaí gairmiúla agus coinníollacha sláinte agus sábháilteachta a leagan síos don fhoireann lena mbaineann;

(g) aon ghné eile is gá a chur san áireamh chun idir-inoibritheacht i gcomhréir le hAirteagal 1(1) agus (2) a áirithiú laistigh de chóras iarnróid an Aontais, amhail na STInna a ailíniú le caighdeáin nó sonraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtuithe faoi Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2016/797. Measann an Coimisiún gur leor an creat rialála atá ann cheana chun cobhsaíocht agus éifeachtúlacht chóras iarnróid na hEorpa a áirithiú.

Sa tréimhse roimhe seo agus atá fós i bhfeidhm, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtú faoi Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2016/797 chun Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 a ghlacadh, Cinneadh lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuspóirí sonracha i ndáil le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú ([3]). Leagtar amach sa chinneadh tarmligthe sin tacar comhleanúnach de chuspóirí sonracha, tacar ar cheart a chomhtháthú sna STInna chun idir-inoibritheacht a fheabhsú agus é a dhéanamh indéanta ag an am céanna seirbhísí iompair iarnróid a éascú, a fheabhsú agus a fhorbairt laistigh den Aontas agus le tríú tíortha agus rannchuidiú le críochnú an limistéir aonair iarnróid Eorpaigh agus gnóthú de réir a chéile an mhargaidh inmheánaigh.

4. CONCLÚIDÍ

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 50(2) de Threoir (AE) 2016/797.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

([3]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha le haghaidh sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2017) 3800) (C/2017/3800), IO L 210, 15.8.2017, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2017/1474/oj.